



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Socruithe athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Cohórt scoláirí 2019 - 2022 (scoláirí sa tríú bliain in 2021/2022)

Meán Fómhair 2021

Cuireadh isteach ar thréimhsí foghlama na scoláirí in 2020 agus in 2021 mar gheall gur dúnadh scoileanna chun srian a chur le paindéim COVID-19. In ainneoin iarrachtaí móra na múinteoirí agus na scoileanna chun tionchar na scolaíochta trína chéile a mhaolú, fuair scoláirí taithí éagsúil ar an bhfoghlaim. Sa chomhthéacs seo, i gcás an chohóirt scoláirí atá sa tríú bliain faoi láthair, tá feidhm ag na socruithe measúnaithe seo a leanas le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe agus Tascanna Measúnaithe gaolmhara:

- Sna himthosca eisceachtúla atá ann toisc gur dúnadh na scoileanna agus gurbh éigean dul i muinín an chiantegaisc agus na cianfhoghlama dá dheasca sin, ní bheidh ach íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin le cur i gcrích ag gach scoláire i ngach ábhar agus Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngach gearrchúrsa. Ní bheidh Tascanna Measúnaithe le déanamh ag scoláirí ón gcohórt sin.
- Is faoi bhainistíocht na scoile, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na múinteoirí ábhartha (agus nuair is féidir é, plé leis na scoláirí), a bheidh sé cinneadh a dhéanamh cibé Measúnú Rangbhunaithe amháin nó dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanamh i ngach ábhar. Déanfar na cinntí sin i bhfianaise cúrsaí mar atá siad de dheasca phaindéim COVID-19 agus an tionchair a bhí aige ar scoláirí agus scoileanna, ar rud é a bheidh difriúil i ngach scoil agus is é lucht na scoile is fearr leis na cinntí sin a dhéanamh ina leith
- Mar sin féin, beidh roinnt eisceachtaí ag baint leis na roghanna a dhéanfaidh na scoileanna:
 - chun a chinntiú go ndéanfar measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal, ní mór do na scoláirí **Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach sa Ghaeilge agus Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid ó Bhéal sna Nuatheangacha lasachta.**
 - toisc go bhfuil siad ceangailte i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, ní mór do na scoláirí atá i mbun staidéir ar **Amharc-ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaicí** agus **Teicneolaíocht Adhmaid Measúnú Rangbhunaithe 2** a dhéanamh.

Cé gur freagairt iad na socruithe sin le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe ar dhúshlán ar leith, tá sé mar aidhm acu na nithe seo a leanas a dhéanamh freisin: féinriar scoile a spreagadh agus cinntí teagaisc agus foghlama a rinneadh ar leibhéal na scoile le linn dhúnadh na scoile a aithint; agus a chinntiú, a oiread is féidir, gur féidir Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnaigh an scoláire in 2020/2021, lena n-áirítear an tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta, agus in 2021/2022 a aithint agus tuairisciú a dhéanamh orthu.

Dátaí tábhachtacha don Mheasúnú Rangbhunaithe 1

Cohórt scoláirí 2019 – 2022 (scoláirí sa tríú bliain in 2021/2022)

Tá an t-achar ama inar féidir le scoileanna na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a dhéanamh le fáil thíos. Ba cheart na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích sa tréimhse a shanntar (m.sh. trí seachtaine, ceithre seachtaine) mar a shonraítear sna Treoirínte Measúnaithe maidir le gach ábhar. Ba cheart an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a reáchtáil tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an Measúnú Rangbhunaithe a chríochnú. Féadfar dátaí tábhachtacha le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe agus an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a athrú nuair is gá, toisc cúinsí ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn i scoileanna mar gheall ar COVID-19.

Measúnú Rangbhunaithe 1 sa Bhéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht, Ceol, Oideachas Reiligiúin, Staidéar Giúdach, Léann Clasaiceach (roghnach)¹

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 8 Deireadh Fómhair 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair 2021

Measúnú Rangbhunaithe 1 sna Nuatheangacha lasachta (riachtanach²)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 3 Nollaig 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 10 Nollaig 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 17 Nollaig 2021

Measúnú Rangbhunaithe 1 i nGaeilge (roghnach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 3 Nollaig 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 10 Nollaig 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 17 Nollaig 2021

¹ Tabhair faoi deara go bhfuil an dáta deiridh chun MRB1 san Amharc-ealaín, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic, agus Teicneolaíocht Adhmaid a chur i gcrích (Bealtaine 2021) caite anois.

² Cuireann scoláirí íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin a chur i gcrích in aghaidh an ábhair. Tabhair faoi deara na heisceachtaí ar na roghanna a dhéanfaidh na scoileanna, liostaithe ar leathanach 1 thuas.

Dátaí tábhachtacha don Mheasúnú Rangbhunaithe 2

Scoláirí sa tríú bliain in 2021/2022 (cohórt scoláirí 2019 – 2022)

Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid³ (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 8 Deireadh Fómhair 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 15 Deireadh Fómhair 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair 2021

Measúnú Rangbhunaithe 2 san Amharc-ealaín (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 19 Samhain 2021
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 26 Samhain 2021
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 3 Nollaig 2021

Measúnú Rangbhunaithe 2 i nGaeilge, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 11 Márta 2022
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 18 Márta 2022
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 25 Márta 2022

³ Eiseofar treoir nó cáipéis tionscadail ábhartha d'ábhair a bhaineann le teicneolaíochtaí láithreach i ndiaidh an dáta a chuirfear MRB2 i gcrích. Féach *Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta in 2022*

Measúnú Rangbhunaithe 2 i mBéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Nuatheangacha lasachta, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht, Oideachas Reiligiúin, Staidéar Giúdach, Léann Clasaiceach (roghnach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 25 Márta 2022
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 1 Aibreán 2022
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 8 Aibreán 2022

Dátaí tábhachtacha do Mheasúnú Rangbhunaithe 1

Cohórt scoláirí 2020 – 2023 (scoláirí sa dara bliain in 2021/2022)

Tá an t-achar ama inar féidir le scoileanna na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a dhéanamh le scoláirí sa dara bliain sa scoilbhliain 2021/2022 le fáil thíos. Ba cheart na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích sa tréimhse a shanntar (m.sh. trí seachtaine, ceithre seachtaine) mar a shonraítear sna Treoirínte Measúnaithe maidir le gach ábhar. Ba cheart an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a réachtáil tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an Measúnú Rangbhunaithe a chríochnú. Tá socruithe le haghaidh an chohóirt sin de réir an Chreata don tSraith Shóisearach (2015). Féadfar dátaí tábhachtacha le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe agus an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a athrú nuair is gá, toisc cúinsí ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn i scoileanna mar gheall ar COVID-19.

Measúnú Rangbhunaithe 1 i ngach ábhar, ach amháin an Ghaeilge⁴

Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích	Dé Luain, 1 Samhain 2021 – Dé hAoine, 13 Bealtaine 2022
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Céadaoin, 18 Bealtaine 2022
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé Céadaoin, 25 Bealtaine 2022

⁴ Déanann scoláirí Measúnuithe Rangbhunaithe 1 agus 2 sa Ghaeilge le linn a dtríú bliain sa tsraith shóisearach.

Nótaí maidir le: Measúnuithe Rangbhunaithe sa scoilbhliain 2021/2022

Déanann na scoláirí Measúnuithe Rangbhunaithe le tacaíocht agus treoir óna múinteoirí. Tá faisnéis mhionsonraithe faoi na formáidí, faoi na topaicí agus faoin tréimhse ama chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnú i ngach ábhar agus gearrchúrsa sna Treoirlínte ábhartha don Mheasúnú Rangbhunaithe, ar fáil ar <https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/?lang=ga-ie> Cé gur ceapadh Measúnuithe Rangbhunaithe le bheith ar siúl faoi threoir an mhúinteora i gcomhthéacs an tseomra ranga, tá solúbthacht ag scoileanna sa scoilbhliain 2021 – 2022, i bhfianaise cúinsí athraitheacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar COVID-19, chun tacú leis an scoláire Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh ar scoil agus/nó go cianda.

Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Cé is moite de thosca a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar COVID-19, déanann an scoláire Measúnuithe Rangbhunaithe le linn am ranga, den chuid is mó, le tacaíocht agus treoir ón múinteoir.
- Ba cheart go dtreoródh a bhfuil praiticiúil agus sábháilte ag an am de réir na comhairle sláinte poiblí an rogha gníomhaíochtaí agus topaicí do na Measúnuithe Rangbhunaithe.
- Is féidir éascú a dhéanamh do scoláirí nach féidir leo freastal ar scoil mar gheall ar chúinsí a éiríonn as COVID-19 chun go mbeidh siad in ann taighde a dhéanamh ar a mheasúnú rangbhunaithe, é a chruthú agus é a chríochnú go cianda, le tacaíocht agus treoir ón múinteoir.
- D'fhéadfadh go mbeadh gá le coigeartuithe a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann scoileanna Measúnuithe Rangbhunaithe agus/nó ar an tacaíocht a fhaigheann siad ó theicneolaíochtaí digiteacha, i gcomhréir le beartas na scoile um chosaint leanaí, beartas úsáide inghlactha agus beartas RGCS na scoileanna.
- Toisc gur cuid lárnach den tasc cumarsáide sa **Ghaeilge** (Measúnú Rangbhunaithe 2) agus sa chumarsáid ó bhéal sna **Nuatheangacha Iasachta** (Measúnú Rangbhunaithe 1) í an idirghníomhaíocht idir an múinteoir agus an scoláire, lena n-áirítear comhrá agus freagraí ar cheisteanna gan script, ba cheart don scoláire idirghníomhú leis an múinteoir agus an Measúnú Rangbhunaithe sin á chur i gcrích. Is féidir uirlisí digiteacha a úsáid chun tacú leis an idirghníomhaíocht sin.
- San **Amharc-ealaín**, de ghnáth ní mór Measúnú Rangbhunaithe amháin a chur i láthair in 3T. Tarscaoiltear an riachtanas sin i gcás scoláirí sa tríú bliain in 2021/22.
- Sa ghearrchúrsa **Corpoideachais**, caithfidh an scoláire sa tríú bliain in 2021/22 íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin a dhéanamh.

- Sa **Staidéar Gnó**, i gcás scoláirí sa tríú bliain in 2021/2022, beidh Measúnú Rangbhunaithe 1 don Staidéar Gnó ina thuairisc aonair. Féach <https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Business-Studies/?lang=ga-ie> chun tuilleadh eolais a fháil.
- Sa **Staidéar Gnó**, i gcás scoláire sa **dara bliain** in 2021/2022, is tionscadal grúpa é MRB1 mar a leagtar amach sna treoirínte ábhartha measúnaithe. Nuair is gá, de réir na comhairle sláinte poiblí ag an am nó de bharr cúinsí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar COVID-19, d'fhéadfadh bainistíocht na scoile cinneadh a dhéanamh i ndiaidh comhairliúcháin leis an múinteoir/leis na múinteoirí ábhartha go gcuirfeadh an scoláire tuarascáil aonair i gcrích le haghaidh a MRB1 de réir an naisc thuas.